BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

10 Iúil 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – An comhbheartas talmhaíochta – Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 – Cleachtais atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil – Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/484 – Bailíocht – An oibleagáid cúiseanna a lua – Ionradh na Rúise ar an Úcráin – Méadú ar acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta an Aontais Eorpaigh – Maolú ar choinníollacha áirithe a bhaineann le híocaíochtaí díreacha faoi ghlasú – Talamh a fhágtar bán a mheastar mar bharr ar leith agus mar limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht fiú i gcás ina ndearnadh an talamh a innilt, a bhuain le haghaidh táirgeachta nó gur saothraíodh é – Riachtanas agus údar na mbeart arna nglacadh)

I gCás C-287/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Bheilg), trí bhreith an 11 Aibreán 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 23 Aibreán 2024, sna himeachtaí

Ligue royale belge pour la protection des oiseaux ASBL

v

Région wallonne,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. L. Arastey Sahún, Uachtarán Dlísheomra, D. Gratsias (Rapóirtéir), E. Regan, J. Passer agus B. Smulders, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Ligue royale belge pour la protection des oiseaux ASBL, ag A. Lebrun agus B. Legros, avocats,

– Rialtas na Beilge, ag P. Cottin, C. Pochet agus L. Van den Broeck, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó P. Moërynck, avocat,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó L. Vignato, avvocata dello Stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. C. Becker agus C. Perrin, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le bailíocht Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/484 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 lena bhforáiltear do mhaoluithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme coinníollacha áirithe a bhaineann leis an íocaíocht ghlas le haghaidh na bliana éilimh 2022 (IO 2022 L 98, lch. 105).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Ligue royale belge pour la protection des oiseaux ASBL (Léig Ríoga na Beilge um Chosaint Éin; 'an Léig') agus an Région wallonne (Réigiún na Vallúine, an Bheilg) maidir le hordú arna ghlacadh ag an Réigiún sin ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, a bhfuil a bhailíocht faoi dhíospóid ag an Léig.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Rialachán Uimh. 1307/2013

3 Foráiltear le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 608), arna leasú le Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 (IO 2017 L 350, lch. 15) ('Rialachán Uimh. 1307/2013'), dar teideal 'Sainmhínithe agus forálacha gaolmhara':

'Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(f) ciallaíonn "talamh arúil" talamh a shaothraítear le haghaidh táirgeadh barr nó na limistéir atá ar fáil le haghaidh táirgthe barr ach atá fágtha bán [...]

[...]'

4 Bhí cúig chaibidil i dTeideal III de Rialachán Uimh. 1307/2013, dar teideal ‘Scéim na híocaíochta bunúsaí, an scéim íocaíochta aonair limistéir agus íocaíochtaí gaolmhara’. I gCaibidil 3 den Teideal sin, dar teideal ‘Íocaíocht d’fheirmeoirí a leanann cleachtais talmhaíochta chun leas na haeráide agus an chomhshaoil’, áiríodh, *inter alia*, Airteagail 43, 44 agus 46 den Rialachán sin.

5 Foráladh le hAirteagal 43(1) agus (2) den Rialachán sin, dar teideal ‘Rialacha ginearálta’:

‘1. Feirmeoirí atá i dteideal íocaíochta faoi scéim na híocaíochta bunúsaí nó faoin scéim íocaíochta aonair limistéir, leanfaidh siad, ar iomlán a gcuid heicteár incháilithe de réir bhrí Airteagal 32(2) go (5), na cleachtais talmhaíochta atá tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaol dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo nó na ceanglais choibhéiseacha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

2. Is mar a leanas a bheidh na cleachtais talmhaíochta atá tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaol:

(a) éagsúlú barr;

(b) féarthailte buana a choimeád; agus

(c) limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht a bheith i gcuid den limistéar talmhaíochta.’

6 Léitear Airteagal 44 den Rialachán sin, dar teideal ‘Éagsúlú barr’, mar a leanas:

‘1. I gcás ina gcumhdóidh talamh arúil an fheirmeora idir 10 heicteár agus 30 heicteár, agus nach saothrófar ina iomláine é le barra faoi uisce ar feadh tréimhse fada den bhliain, nó ar feadh tréimhse fada den timthriall barr, beidh dhá bharr éagsúla ar a laghad ar an talamh arúil sin. Ní bheidh níos mó ná 75 % den talamh arúil sin faoin bpríomhbharr.

I gcás ina gcumhdóidh talamh arúil an fheirmeora níos mó ná 30 heicteár, agus nach saothrófar ina iomláine é le barra faoi uisce ar feadh tréimhse fada den bhliain, nó ar feadh tréimhse fada den timthriall barr, beidh trí bharr éagsúla ar a laghad ar an talamh arúil sin. Ní chumhdóidh an príomhbharr níos mó ná 75 % den talamh arúil sin agus ní chumhdóidh an dá phríomhbharr le chéile níos mó ná 95 % den talamh arúil sin.

[...]

4. Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh “barr” aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) saothrán de chuid cheann ar bith de na genera éagsúla a shainmhínítear in aicmiú luibheolaíoch na mbarr;

(b) saothrán de chuid aon speicis de na Brasscacerae, Solanaeceae nó Cucurbitaceae;

(c) talamh branair;

(d) féar nó foráiste luibheach eile.

[...]’

7 Foráladh le hAirteagal 46 de Rialachán Uimh. 1307/2013, dar teideal ‘An limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht’:

‘1. I gcás ina gcumhdóidh talamh arúil an ghabháltais níos mó ná 15 heicteár áiritheoidh na feirmeoirí, ón 1 Eanáir 2015 ar aghaidh, gur limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht é limistéar a bheidh ag comhfhreagairt do 5 % ar a laghad de thalamh arúil an ghabháltais a dhearbhaigh an feirmeoir i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) Uimh 1306/2013 agus lena n-áirítear na limistéir a luaitear i bpointí (c), (d), (h) agus (h) de mhír 2 den Airteagal seo, má mheasann an Ballstát mar limistéir faoi féarthailte buana iad i gcomhréir leis an mír sin.

[...]

2. Cinnfidh na Ballstáit, faoin 1 Lúnasa 2014, go meastar ceann amháin nó níos mó de na limistéir seo a leanas mar limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht:

(a) talamh a fhágtar bán;

[...]

9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún [Eorpach] gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70:

(a) lena leagfar síos critéir do na cineálacha limistéar dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo le bheith cáilithe mar limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht;

[...]’

8 Bhí trí chaibidil i dTeideal VII den Rialachán sin, dar teideal ‘Forálacha críochnaitheacha’. I gCaibidil 1 den Teideal sin, dar teideal ‘Fógraí agus Práinn’, bhí, *inter alia*, Airteagal 69 den Rialachán sin, dar teideal ‘Bearta chun fadhbanna sonracha a réiteach’. Foráladh mar seo a leanas san Airteagal sin:

‘1. Chun fadbhanna sonracha a réiteach, glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme a mbeidh gá agus údar leo araon i gcás éigeandála. D’fhéadfadh maolú ar fhorálacha an Rialacháin seo a bheith i gceist leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, a mhéad agus a fhad a mbeidh fíorghá leis. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 71(2).

2. I gcás ina n-éileofar sin le forais phráinne a mbeidh údar cuí tugtha leo agus chun fadhbanna sonracha a réiteach agus leanúnachas chóras na n-íocaíochtaí a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 71(3).

3. Beidh éifeacht ag bearta a ghlacfar faoi mhír 1 nó mír 2 ar feadh tréimhse nach faide ná dhá mhí dhéag. Más ann, tar éis na tréimhse sin, do na fhadhbanna sonracha dá dtagraítear sna míreanna sin, féadfaidh an Coimisiún tograí iomchuí reachtach a thíolacadh chun réiteach buan a bhunú.

[...]’

Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014

9 I Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena leasaítear Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin (IO 2014 L 181, lch. 1) arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1784 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2018 (IO 2018 L 293, lch. 1) ('Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014'), bhí Caibidil 3, dar teideal 'Glasú', ina raibh ceithre roinn. I Roinn 4 den Chaibidil sin, dar teideal 'Limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht', bhí, *inter alia*, Airteagal 45 den Rialachán Tarmligthe sin, a glacadh ar bhonn Airteagal 46(9)(a) de Rialachán Uimh. 1307/2013. Tugadh 'Critéir bhreise le haghaidh na gcineálacha limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht' mar theideal ar Airteagal 45 agus foráladh an méid seo a leanas:

'1. Beidh feidhm ag mír 2 go 11 den Airteagal seo chun na cineálacha limistéar atá liostaithe in Airteagal 46(2) de [Rialachán Uimh. 1307/2013] a aicmiú mar limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht.

2. Ní bheidh aon táirgeadh talmhaíochta ar thalamh a fhágtar bán agus ar thalamh a fhágtar bán le haghaidh plandaí milmheara (speicis atá saibhir ó thaobh pailine agus neachtair). Socróidh na Ballstáit tréimhse nach mór an talamh a fhágáil bán le linn bliain féilire ar leith. Ní fhéadfaidh an tréimhse sin a bheith níos giorra ná 6 mhí. [...]

[...]

10b. Beidh toirmeasc ar tháirgí cosanta plandaí a úsáid i ngach limistéar dá dtagraítear i mír 2, 9 agus 10 agus ar limistéir a úsáidtear do tháirgeadh talmhaíochta dá dtagraítear i mír 7.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484

10 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 1 go 9 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 69(1) de Rialachán Uimh. 1307/2013:

'(1) Le Teideal III, Caibidil 3, de [Rialachán Uimh. 1307/2013], déantar foráil maidir le híocaíocht i leith na gcleachtas talmhaíochta chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil ("íocaíocht ghlas"). Áirítear leis na cleachtais sin éagsúlú barr de bhun Airteagal 43(2), pointe (a), agus limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht de bhun Airteagal 43(2), pointe (c), den Rialachán sin. Leagtar síos tuilleadh rialacha maidir leis na cleachtais sin i gCaibidil 3 de [Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014] […]

(2) Le hAirteagal 44(4) de [Rialachán Uimh. 1307/2013], leagtar síos, chun críoch éagsúlaithe barr, go meastar gurb éagsúil an barr é talamh a fhágtar bán ó fhéar nó foráiste luibheach eile. Tugann an méid sin le fios nach féidir talamh ar a ndearnadh innilt nó buaint chun críoch táirgthe a mheas mar thalamh a fhágtar bán.

(3) Leagtar síos le hAirteagal 46(2), an chéad fhomhír, pointe (a), de [Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013] go bhféadfaí limistéir faoi thalamh a fhágtar bán a mheas mar limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht. Le hAirteagal 45(2) de [Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014], ceanglaítear go bhfuil táirgeadh talmhaíochta á dhéanamh, agus le hAirteagal 45(10b) den Rialachán sin cuirtear cosc ar úsáid táirgí cosanta plandaí, ar thalamh a fhágtar bán a cháilíonn mar limistéar ina dírítear ar an éiceolaíocht.

(4) Spreag ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022 borradh mór tobann ar phraghsanna tráchtearraí agus tá tionchar aige ar sholáthar agus éileamh táirgí talmhaíochta. Chun aghaidh a thabhairt ar an staid seo, ba cheart acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta an Aontais le haghaidh soláthar bia agus beatha a mhéadú.

(5) Is limistéir talún arúla fós iad limistéir thalún a fhágtar bán atá oiriúnach le haghaidh táirgeadh barr ar limistéir iad a d'fhéadfaí a úsáid láithreach chun bia agus beatha a tháirgeadh, bíodh go bhfuil siad oiriúnach ar leibhéil éagsúla ag brath ar an mbail atá orthu, amhail cáilíocht na hithreach. Dá bhrí sin, chun é a chur ar chumas feirmeoirí an leas is mó a bhaint as na limistéir atá ar fáil acu chun bia a tháirgeadh agus ainmhithe a chothú, ba cheart go dtabharfar údarú do na Ballstáit maolú ar na coinníollacha a bhaineann leis an íocaíocht ghlas, lena n-áirítear úsáid táirgí cosanta plandaí, le haghaidh na bliana éilimh 2022 a mhéid a bhaineann le talamh a fhágtar bán agus a dearbhaíodh go gcomhlíonann sé na ceanglais a bhaineann le héagsúlú barr nó limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht i gcomhréir le hAirteagal 44(4) agus Airteagal 46(2), an chéad fhomhír, pointe (a), de [Rialachán Uimh. 1307/2013], faoi seach.

(6) Níor cheart foráil a dhéanamh leis an gCinneadh seo ach amháin maidir le maoluithe ar an éagsúlú barr agus ar na limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht a mhéid is gá agus ar feadh na tréimhse is gá. Ba cheart na maoluithe a theorannú don bhliain éilimh 2022 agus ba cheart iad a bheith dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ar sholáthar agus éileamh táirgí talmhaíochta trí mhéadú a cheadú ar an limistéar iomlán talún arúla atá ar fáil chun bia agus beatha a tháirgeadh.

(7) Agus cinneadh á dhéanamh ar chur i bhfeidhm na maoluithe, ba cheart do na Ballstáit sin aird chuí a thabhairt ar chuspóirí na gcleachtas talmhaíochta is tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaol agus, go háirithe, ar an ngá atá le cáilíocht ithreach agus cáilíocht acmhainní nádúrtha agus an bhitheolaíocht a chosaint go leormhaith, go háirithe le linn na dtréimhsí is íogaire le haghaidh bláthú agus le haghaidh éin atá ag neadú.

(8) Chun a áirithiú go bhfuil na maoluithe a údaraítear leis an gCinneadh seo éifeachtach d'fhonn na gcuspóirí arna saothrú, i.e. maolú ar ardú praghsanna tráchtearraí agus an tionchar ar sholáthar agus éileamh, ba cheart do na Ballstáit a gcinntí maidir le cur i bhfeidhm na maoluithe a dhéanamh laistigh de 21 lá ón dáta a thabharfar fógra faoin gCinneadh seo, agus ba cheart dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cinntí sin laistigh de 7 lá ón dáta a dhéanfar na cinntí.

(9) Chun é a chur ar a chumas don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na maoluithe a fhoráiltear leis seo agus ar an tionchar a bhíonn acu, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar maidir leis an líon gabháltas agus an líon heicteár a chumhdaítear leis na maoluithe. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil faoin 15 Nollaig 2022 agus na hionstraimí fógartha atá ann cheana á n-úsáid aige.'

11 Foráiltear le hAirteagal 1 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, dar teideal ‘Cinntí lena ndéantar maolú ar choinníollacha áirithe a bhaineann leis an íocaíocht ghlas le haghaidh na bliana éilimh 2022’:

‘1. De mhaolú ar Airteagal 44(4) de [Rialachán Uimh. 1307/2013], le haghaidh na bliana éilimh 2022, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go meastar gur barr ar leith í talamh a fhágtar bán cé go ndearnadh an talamh sin a innilt nó a bhuain chun críche táirgthe nó gur saothraíodh [é].

2. De mhaolú ar Airteagal 45(2) de [Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014], le haghaidh na bliana éilimh 2022, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go meastar gur limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht í talamh a fhágtar bán de bhun Airteagal 46(2)[,] an chéad fhomhír, pointe (a), de [Rialachán Uimh. 1307/2013] cé go ndearnadh an talamh sin a innilt nó a bhuain chun críche táirgthe nó gur saothraíodh [é]. […]

De mhaolú ar Airteagal 45(10b) de [Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014], i gcás ina n-úsáideann na Ballstáit an maolú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh siad a chinneadh úsáid táirgí cosanta plandaí a cheadú ar na limistéir sin ar a ndearnadh innilt nó sábháil chun críche táirgthe nó na limistéir a saothraíodh.’

12 Foráiltear le hAirteagal 2 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, dar teideal ‘Teorainn ama’:

‘Déanfar na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 1 laistigh de 21 lá ón dáta a thabharfar fógra faoin gCinneadh seo.’

13 De réir Airteagal 3 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, dar teideal ‘Fógraí’:

‘1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na cinntí a rinneadh de bhun Airteagal 1 laistigh de 7 lá tar éis an dáta a dhéanfar na cinntí.

2. Faoin 15 Nollaig 2022, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin líon gabháltas a d’úsáid na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 1 agus an líon heicteár inar cuireadh na maoluithe sin i bhfeidhm.’

Dlí na Beilge

14 Foráiltear le hAirteagal 2(1) agus (2) d’Ordú ó Rialtas na Vallúine an 12 Bealtaine 2022 lena bhforáiltear do mhaoluithe ar choinníollacha áirithe a bhaineann le talamh a fhágtar bán le haghaidh 2022 (*Moniteur belge* an 19 Bealtaine 2022, lch. 43644; ‘Ordú an 12 Bealtaine 2022’):

‘1. I gcomhréir le hAirteagal 1 de [Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484], glactar na forálacha seo a leanas le haghaidh na bliana 2022:

(1) de mhaolú ar Airteagal 44(4) de [Rialachán Uimh. 1307/2013], measfar gur barra ar leith é talamh a fhágtar bán, ina ndearnadh an talamh a innilt, a bhuain le haghaidh táirgeachta nó gur saothraíodh é;

(2) de mhaolú ar Airteagal 45(2) de [Rialachán Uimh. 639/2014], measfar gur limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht é talamh a fhágtar bán agus a innilt, ina ndearnadh an talamh a innilt, a bhuain le haghaidh táirgeachta nó gur saothraíodh é;

2. Chun críocha mhír 1 a chur i bhfeidhm, údarófar saothrú talaimh a fhágtar bán i gcás na mbarr seo a leanas:

(1) grán buí [...];

(2) sadhlas arbhair [...];

(3) seamra [...];

(4) meidic na mbó;

(5) dúmheidic [...];

(6) crobh éin [...];

(7) goirm choiligh;

(8) soighe;

(9) pónairí leathana agus pónairí machaire an gheimhridh [...];

(10) pónairí leathana agus pónairí machaire an earraigh [...];

(11) lúipín cumhra [...];

(12) meascáin gheimhridh de léagúim agus gránaigh nó de speicis eile [...];

(13) meascáin earraigh de léagúim agus gránaigh nó de speicis eile [...];

(14) piseanna léana an gheimhridh [...];

(15) piseanna léana an earraigh [...]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

15 Le hiarratas a taisceadh an 18 Iúil 2022 os comhair an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Bheilg), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, d'iarr an Léig go gcuirfí ordú an 12 Bealtaine 2022 ar neamhní.

16 Mar thaca lena hiarratas, áitíonn an Léig go bhfuil Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, ar glacadh ordú an 12 Bealtaine 2022 ar a bhonn, contrártha, ar an gcéad dul síos, do Rialachán Uimh. 1307/2013 agus, ar an dara dul síos, d'Airteagal 45(2) agus (10b) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014.

17 Sa mhéid sin, d'iarr an Léig ar an gcúirt a rinne an tarchur ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le cibé 'an gcomhlíontar Airteagal 69 de Rialachán Uimh. 1307/2013, i gcomhar le hAirteagal 45 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014', le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484'.

18 I ndáil leis sin, áitíonn an Léig nach léir ó aithris 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484 gur shuigh an Coimisiún gurb ann do 'fhorais phráinne', de réir bhrí Airteagal 69(2) de Rialachán Uimh. 1307/2013. Ina theannta sin, ceanglaítear le prionsabal na comhréireachta agus le hAirteagal 69(1) den Rialachán sin údar a thabhairt leis an bpráinn ar bhealach níos diongbháilte, níos mionsonraithe agus níos oibiachtúla, agus na tráchtearraí a bhfuil méadú tagtha ar a bpraghas a shainaithint agus gur cheart cur i bhfeidhm an Chinnidh Cur Chun Feidhme sin a theorannú. Ní féidir le húdarú maolú ar Rialachán Uimh. 1307/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 639/2014 a bheith leathan ná neamhbheacht.

19 Cé go dtugann sí dá haire gur bhunaigh an Léig a hargóint ar bhonn earráideach a mhéid a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484 ní ar bhonn mhír 2 ach ar bhonn mhír 1 d'Airteagal 69 de Rialachán Uimh. 1307/2013, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara go n-ardaíonn an chaingean os a comhair an cheist, i bhfianaise na bhforas a leagtar amach in aithrisí 4 go 8 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, an bhfuil an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin bailí i bhfianaise Airteagal 69 de Rialachán Uimh. 1307/2013 agus Airteagal 45 de Rialachán Uimh. 639/2014.

20 Meabhraíonn an chúirt a rinne an tarchur go gceanglaítear leis an oibleagáid cúiseanna a lua gur cheart ráiteas a bheith in aon ghníomh de chuid an Aontais a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige ar na cúiseanna a thug ar an institiúid é a ghlacadh agus cuireann sí in iúl freisin, cé go ndréachtaítear an cheist le haghaidh réamhrialú ón Léig i dtéarmaí ginearálta, go bhfágann léamh an iarratais ar neamhniú gur féidir na forais neamhbhailíochta a leagtar amach ann a dhearbhú go leordhóthanach, arb é atá ann 'an cáineadh a rinneadh ar chomhréireacht [Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484], nó níos beaichte, na cúiseanna leis'.

21 Sna cúinsí sin, chinn an Conseil d'État bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'[An gcomhlíontar Airteagal 69 de Rialachán Uimh. 1307/2013, i gcomhar le hAirteagal 45 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014, le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484?]'

An cheist a tharchuirtear

22 De réir cásdlí socair, i bhfianaise mheon an chomhair nach mór a bheith i réim sa nós imeachta le haghaidh réamhrialú agus i gcomhréir le hAirteagal 94(c) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, tá sé fíor-riachtanach go leagfadh an chúirt náisiúnta amach, ina hordú tarchuir, na cúiseanna beachta a thug uirthi bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais a cheistiú agus na forais neamhbhailíochta ar féidir, dar léi, seasamh leo (breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Friends of the Irish Environment (Deiseanna iascaireachta os cionn nialais)*, C-330/22, EU:C:2024:19, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 Cé nach bhfuil aon réasúnú mionsonraithe san iarraidh ar réamhrialú i ndáil leis sin, is léir, mar sin féin, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt, go bunúsach, bailíocht Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484 i bhfianaise na ceiste an bhfuil an cinneadh sin réasúnaithe de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, ag féachaint do na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 69(1) de Rialachán Uimh. 1307/2013, arb é bunús dlí an Chinnidh Cur Chun Feidhme sin é, agus, thairis sin, an gcomhlíonann an Cinneadh sin an ceanglas a leagtar síos san fhoráil sin, maidir le riachtanas agus údar an bhirt a leagann sí síos.

24 Maidir leis an oibleagáid cúiseanna a lua a chomhlíonadh, ní mór a mheabhrú go gcaithfidh an ráiteas ar na cúiseanna a cheanglaítear freisin leis an dara mír d'Airteagal 296 CFAE a bheith oiriúnach do chineál an ghnímh i dtrácht agus go gcaithfidh sé a léiriú go soiléir gan aon débhrí réasúnaíocht na hinstitiúide a ghlac an gníomh, chun a chur ar chumas na ndaoine lena mbaineann na cúiseanna atá leis an mbeart a glacadh a fháil amach agus don chúirt inniúil a cumhacht chun athbhreithniú a dhéanamh a fheidhmiú. Ní cheanglaítear go sonrófar sa ráiteas cúiseanna na hábhair fíorais agus dlí go léir atá ábhartha, ós rud é nach mór an cheist an gcomhlíonann an ráiteas cúiseanna le haghaidh gnímh ceanglais an dara mír d'Airteagal 296 CFAE a mheasúnú ní hamháin i bhfianaise a fhoclaíochta, ach a chomhthéacs freisin agus na rialacha dlíthiúla go léir a rialaíonn an t-ábhar lena mbaineann (breithiúnas an 30 Aibreán 2019, *an Iodáil* v *an Chomhairle (Cuóta iascaireachta do cholgáin Mheánmhuirí)*, C-611/17, EU:C:2019:332, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 A mhéid a bhaineann, go háirithe, le bearta a bhfuil feidhm ghinearálta leo, amhail Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, féadfar an ráiteas ar chúiseanna a theorannú do léiriú a thabhairt ar an staid ghinearálta ba chúis lena ghlacadh, ar thaobh amháin, agus ar na cuspóirí ginearálta atá sé beartaithe a bhaint amach, ar an taobh eile. Bheadh sé iomarcach ráiteas sonrach ar chúiseanna a éileamh maidir leis na roghanna teicniúla éagsúla a rinneadh má nochtar go soiléir leis an mbeart atá faoi chonspóid an cuspóir bunúsach atá á shaothrú ag an institiúid a ghlac é (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Aibreán 2019, *an Iodáil* v *an Chomhairle (Cuóta iascaireachta do cholgáin Mheánmhuirí)*, C-611/17, EU:C:2019:332, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Sa chás seo, sa chéad áit, maidir leis an gcomhthéacs agus na rialacha lena rialaítear an t-ábhar lena mbaineann, ba cheart a thabhairt faoi deara, chun tairbhe a bhaint as íocaíocht dhíreach le haghaidh cleachtais talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil, dá bhforáiltear i bhforálacha Theideal III, Caibidil 3 de Rialachán Uimh. 1307/2013, nach mór d'fheirmeoirí, i gcomhréir le hAirteagal 43(1) agus (2) den Rialachán sin, cleachtais talmhaíochta áirithe a chomhlíonadh. Áirítear sna cleachtais sin éagsúlú barr agus caomhnú limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht ar an limistéar talmhaíochta.

27 Go háirithe, ar an gcéad dul síos, leanann sé ó Airteagal 44(1) de Rialachán Uimh. 1307/2013 gurb é atá i gceist le héagsúlú barr, ó thairseacha limistéir áirithe, go bhfuil dhá bharr éagsúla ar a laghad, nó fiú trí bharr, ar thalamh arúil an fheirmeora. I gcomhréir le mír 4(c) den Airteagal sin, measfar, chun críocha an cheanglais éagsúlaithe sin, gur barr ar leith ó fhéar nó ó fhoráiste luibheach eile é talamh a fhágtar bán, ionas nach féidir talamh ar a ndearnadh innilt nó buaint le haghaidh táirgeachta a mheas mar thalamh a fhágtar bán.

28 Ar an dara dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán Uimh. 1307/2013, i gcás ina gcumhdaíonn talamh arúil gabháltais níos mó ná 15 heicteár, ní mór d'fheirmeoirí a áirithiú gur 'limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht' é íoslimistéar sainithe. Faoi mhír 2 den Airteagal sin, is ceann de na limistéar é talamh a fhágtar bán a d'fhéadfadh na Ballstáit a mheas mar limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht.

29 Ar an tríú dul síos, sonraítear in Airteagal 45 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014, i mír 2, nach bhfuil talamh a fhágtar bán le húsáid le haghaidh táirgeadh talmhaíochta agus cuirtear toirmeasc, i mír 10b, ar úsáid táirgí cosanta plandaí ar an talamh atá i gceist.

30 Ar an gceathrú dul síos, tugtar de chumhacht don Choimisiún le hAirteagal 69(1) de Rialachán Uimh. 1307/2013 gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a fhéachann le fadhbanna sonracha a réiteach agus atá riachtanach agus a bhfuil údar leo i gcás éigeandála. D'fhéadfadh maolú ar fhorálacha an Rialacháin sin a bheith i gceist leis na gníomhartha cur chun feidhme sin a mhéad agus a fhad a mbeidh fíorghá leis.

31 Ní mór a mheas go gcuireann an t-údarú sin ar chumas an Choimisiúin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena maolaítear ní hamháin ar fhorálacha Rialachán Uimh. 1307/2013 é féin, ach freisin ar fhorálacha gníomhartha tarmligthe, amhail Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014, a fhéachann, i gcomhréir le hAirteagal 290(1) CFAE, le Rialachán Uimh. 1307/2013 a fhorlíonadh nó a leasú.

32 Ar bhonn an údaraithe sin, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, lenar ceadaíodh le hAirteagal 1 do na Ballstáit maolú, le haghaidh na bliana éilimh 2022, ar Rialachán Uimh. 1307/2013 agus ar Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014, ar thrí bhealach.

33 Ar an gcéad dul síos, bhí na Ballstáit in ann, de mhaolú ar Airteagal 44(4) de Rialachán Uimh. 1307/2013, a chinneadh go measfar gur barr ar leith í talamh a fhágtar bán, fiú dá ndéanfaí an talamh sin a innilt nó a bhuain chun críche táirgthe nó gur saothraíodh é.

34 Ar an dara dul síos, bhí na Ballstáit in ann, de mhaolú ar Airteagal 45(2) de Rialachán Uimh. 639/2014, cinneadh a dhéanamh go measfaí talamh a fhágtar bán mar limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht, fiú dá ndéanfaí an talamh sin a innilt nó a bhuain chun críche táirgthe nó gur saothraíodh é.

35 Ar an tríú dul síos, de mhaolú ar Airteagal 45(10b) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014, i gcás ina n-úsáideann na Ballstáit an maolú dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, féadfaidh siad a chinneadh úsáid táirgí cosanta plandaí a cheadú ar na limistéir sin ar a ndearnadh a innilt nó a bhuain chun críche táirgthe nó gur saothraíodh é.

36 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh feirmeoirí atá ag obair i mBallstát a chinn na maoluithe sin a dheonú a bheith incháilithe d'íocaíocht dhíreach as chleachtais talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil, fiú dá n-úsáidfidís a dtalamh a fhágtar bán le haghaidh táirgeadh talmhaíochta agus fiú dá n-úsáidfidís táirgí cosanta plandaí ar an talamh sin.

37 Sa dara háit, maidir le raon feidhme na hoibleagáide cúiseanna a lua, dá dtagraítear i mír 25 den bhreithiúnas seo, atá ar an gCoimisiún, go háirithe, agus gníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige á ghlacadh amhail Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, gur luaigh an Coimisiún, in aithris 4 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, go raibh tionchar ag an méadú géar ar phraghsanna tráchtearraí a tharla mar thoradh ar ionradh Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin ar sholáthar agus ar éileamh táirgí talmhaíochta. Ní mór a lua go leagtar amach san aithris sin go hachomair ach go hintuigthe an staid fhoriomlán as ar eascair glacadh an Chinnidh Cur Chun Feidhme sin agus go ndéantar cur síos inti le soiléireacht leordhóthanach ar an bhfadhb phráinneach shonrach a bhféachann sí lena réiteach.

38 Ba cheart a lua, mar is léir ón gcéad abairt d'aithris 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, go bhfuil an coincheap 'tráchtearraí' éagsúil ó 'tháirgí talmhaíochta'. Leanann sé ó léamh comhcheangailte ar aithrisí 4 agus 8 den leagan Fraincise den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin go n-ainmnítear 'amhábhair' leis an gcoincheap 'tráchtearraí', eadhon na heilimintí atá riachtanach le haghaidh táirgeadh talmhaíochta. Tacaítear leis an gcinneadh sin leis an bhfíoras

go n-úsáideann leaganacha teanga eile den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, amhail an leagan Gearmáinise, an leagan Béarla, agus an leagan Iodáilise, sa dá aithris sin, an téarma atá coibhéiseach leis an téarma 'amhábhair' i bhFraincis, eadhon '*Rohstoff(e)*', '*commodity*', agus '*materie prime*', faoi seach. Thairis sin, ní dhéantar idirdhealú i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484 idir na táirgí talmhaíochta éagsúla, agus déantar tagairt sa chéad abairt d'aithris 4 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin don tionchar atá ag an méadú géar ar phraghsanna tráchtearraí ar sholáthar agus éileamh na dtáirgí talmhaíochta uile gan idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Dá bhrí sin, leis an argóint a chuir an Léig chun cinn os comhair na cúirte a rinne an tarchur, de réir mar a thagann sé chun cinn ón gcomhad os comhair na Cúirte, nach bhfuil údar leordhóthanach le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484 sa mhéid nach sainaithnítear leis cad iad na táirgí talmhaíochta atá le meas mar thráchtearraí ar cheart gur iad na hearraí amháin a chumhdaítear leis an mbeart maolaithe arna ghlacadh, déantar neamhaird ar an bhfíoras gur dhá choincheap éagsúla iad nach bhforluíonn a raon feidhme faoi seach.

39 Ina theannta sin, tá argóint na Léige, a cuireadh chun cinn os comhair na cúirte a rinne an tarchur, mar a thagann chun cinn freisin ón gcomhad os comhair na Cúirte, gur cheart don Choimisiún, i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, na 'forais phráinne' a thug údar lena ghlacadh a shainaithint, bunaithe ar bhunús earráideach.

40 Ar thaobh amháin, ní mór 'forais phráinne' a bheith ann chun údar a thabhairt le glacadh gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn Airteagal 69(2) de Rialachán Uimh. 1307/2013, cé, mar a thug an chúirt sin faoi deara freisin, gur glacadh an cinneadh cur chun feidhme sin ar bhonn mhír 1 den Airteagal sin, ina dtagraítear do 'chás éigeandála'.

41 Ar an taobh eile, d'áitigh an Léig os comhair na cúirte a rinne an tarchur nár léirigh an Coimisiún an phráinn sa chás seo, ós rud é nár shainmhínigh an Coimisiún an coincheap 'tráchtearraí' ná nár chuir sé an ríomh lena léirítear 'méadú géar ar phraghasanna' na dtáirgí sin in iúl.

42 I ndáil leis sin, is leor a thabhairt faoi deara, i bhfianaise cheanglais na réasúnaíochta le haghaidh bearta a bhfuil feidhm ghinearálta leo, dá dtagraítear i mír 25 den bhreithiúnas seo, nach gceanglaítear leis an dara mír d'Airteagal 296 CFAE ar an gCoimisiún ráiteas ar chúiseanna a thabhairt lena sainítear go sonrach na tráchtearraí a ndéanfadh ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022 difear dá bpraghsanna ná an méadú ar na praghsanna sin a ríomh.

43 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcuspóir ginearálta a shaothraítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, leagtar amach an cuspóir sin sa dara habairt d'aithris 4. Sonraíonn an Coimisiún san aithris sin, chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb shonrach a thuairiscítear i mír 37 den bhreithiúnas seo, gur cheart acmhainneacht tháirgeacht talmhaíochta an Aontais le haghaidh soláthar bia agus beatha a mhéadú.

44 Is léir ó aithris 5 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, chun an cuspóir sin a bhaint amach, gur mheas an Coimisiún gur ghá cead a thabhairt d'fheirmeoirí úsáid a bhaint, a mhéid is féidir, as na limistéir atá ar fáil dóibh, ós rud é, i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(f) de Rialachán Uimh. 1307/2013, go bhfuil talamh a fhágtar bán fós ina thalamh arúil atá oiriúnach do tháirgeadh barr agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí é a úsáid láithreach chun bia agus beatha a tháirgeadh. Is sa chomhthéacs sin, mar is léir ó aithris 5, gur mheas an Coimisiún gur cheart údarú a thabhairt do na Ballstáit maolú ar choinníollacha a bhaineann le híocaíocht dhíreach as cleachtais talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil, lena n-áirítear toirmeasc ar úsáid táirgí cosanta plandaí.

45 Thairis sin, in aithris 6 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, luaigh an Coimisiún nach bhfuil bearta den sórt sin a bhaineann le héagsúlú barr agus limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht le maolú ar fhorálacha Rialachán Uimh. 1307/2013 a mhéid is gá agus ar feadh na tréimhse is gá, ós rud é go raibh siad teoranta don bhliain éilimh 2022 agus go raibh siad ag féachaint do réiteach ar an tionchar ar sholáthar agus ar éileamh táirgí talmhaíochta trí mhéadú a cheadú ar an limistéar talún arúla iomlán atá ar fáil chun bia agus beatha a tháirgeadh.

46 Leanann sé ón méid sin roimhe seo gur leag an Coimisiún amach de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, i bhfianaise na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 69(1) de Rialachán Uimh. 1307/2013, na cúiseanna atá leis na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, ar thaobh amháin, chun fadhb shonrach a thagann chun cinn i gcomhthéacs éigeandála a réiteach agus, ar an taobh eile, maolú ar an Rialachán sin a mhéid is gá agus ar feadh na tréimhse is gá chun an cuspóir sin a bhaint amach.

47 Ina dhiaidh sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart a mheabhrú nach mór bearta cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn Airteagal 69(1) de Rialachán Uimh. 1307/2013 a bheith riachtanach agus údar a bheith leo i gcás éigeandála agus ní fhéadfaidh siad maolú ar fhorálacha an Rialacháin sin ach a mhéid is gá agus ar feadh na tréimhse is gá.

48 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, i bhfianaise an chuspóra a shaothraítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, arb é is aidhm dó, mar is léir ó mhíreanna 40 agus 41 den bhreithiúnas seo, fadhb shonrach a eascraíonn as comhthéacs éigeandála a réiteach, is cosúil go bhfuil gá leis an mbeart a tugadh isteach leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin agus go bhfuil údar leis. Ar thaobh amháin, gan gníomhaíochtaí casta a bheith ag teastáil, is féidir le húsáid talún a fhágtar bán rannchuidiú go díreach le méadú ar tháirgeadh talmhaíochta. Ar an taobh eile, is éard a bhfuil i gceist le beart arb é atá ann gan an íocaíocht dhíreach a bhaint d'fheirmeoirí as cleachtais talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil nuair a bhaineann siad úsáid as a dtalamh a fhágtar bán le haghaidh táirgeadh talmhaíochta chun iad a spreagadh chun an talamh sin a úsáid.

49 Ar an dara dul síos, le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, níor údaraigh an Coimisiún ach do na Ballstáit maolú ar fhorálacha áirithe de ghníomhartha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, le linn na bliana 2022 amháin, agus níor fhorchuir sé oibleagáid orthu chuige sin.

50 Ar an taobh eile, a mhéid a chinn Ballstáit áirithe leas a bhaint as an bhféidearthacht sin, chuir an Coimisiún teorainn lena ngníomhaíocht ar bhealach lena n-íoslaghdófaí an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aige ar an gcomhshaol.

51 In aithris 7 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484, mheabhraigh an Coimisiún gur ceanglaíodh ar na Ballstáit, agus cinneadh á dhéanamh ar chur i bhfeidhm na maoluithe, aird chuí a thabhairt ar chuspóirí na gcleachtas talmhaíochta is tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaol agus, go háirithe, ar an ngá atá le cosaint leordhóthanach a thabhairt do chaighdeán na hithreach agus do chaighdeán acmhainní nádúrtha agus don bhithéagsúlacht, go háirithe le linn na dtréimhsí is íogaire le haghaidh bláthú agus le haghaidh éin atá ag neadú. Sa chomhthéacs sin, mar a chuir an Coimisiún in iúl ina bharúlacha i scríbhinn, is faoi na Ballstáit a bhí sé, i gcomhréir leis na hoibleagáidí sin, raon feidhme críochach na maoluithe a shainiú agus na húsáidí agus na barra a cheadaítear a shonrú, mar a rinne Rialtas na Vallúine, sa chás seo, in Airteagal 2(2) d'ordú an 12 Bealtaine 2022.

52 Sa chomhthéacs céanna, ceanglaítear le hAirteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484 ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chinntí a rinneadh de bhun Airteagal 1 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin agus fógra a thabhairt dó faoi líon na ngabháltas a d'úsáid na maoluithe agus faoi líon na heicteár inar cuireadh na maoluithe sin i bhfeidhm. Is léir ó aithris 9 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin gur fhorchuir an Coimisiún na hoibleagáidí sin d'fhonn, *inter alia*, a fhíorú go bhfuil na cinntí lena mbaineann na Ballstáit úsáid as an gcóras maolaithe a tugadh isteach leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos leis.

53 Dá bhrí sin, ní cosúil nach gcomhlíonann na bearta cur chun feidhme arna nglacadh i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484 an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 69(1) de Rialachán Uimh. 1307/2013, eadhon go bhfuil gá leo agus go bhfuil údar leo.

54 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tarchuireadh nár nochtadh le scrúdú ar an gceist sin aon toisc de chineál a dhéanfadh difear do bhailíocht Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/484.

Costais

55 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Níor nochtadh le scrúdú ar an gceist a tarchuireadh aon toisc de chineál a dhéanfadh difear do bhailíocht Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/484 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 lena ndéantar foráil maidir le maoluithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme coinníollacha áirithe a bhaineann leis an íocaíocht ghlas le haghaidh na bliana éilimh 2022.

Sínithe